2024/2586

1.10.2024

CINNEADH (AE) 2024/2586 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Meán Fómhair 2024

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 16ú Comhthionól Ginearálta de chuid na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) D'aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnias an 3 Meitheamh 1999 ('COTIF'), de bhun Chinneadh 2013/103/AE ón gComhairle ([1]) agus leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún ('an Comhaontú maidir le hAontachas leis an gCoinbhinsiún').

(2) Cuireadh Comhthionól Ginearálta OTIF ar bun i gcomhréir le hAirteagal 13 mír 1, litir a) de COTIF ('an Comhthionól Ginearálta'). De bhun Airteagal 14, mír 2, de COTIF, bunaíonn an Comhthionól Ginearálta, i measc nithe eile, a rialacha nós imeachta, toghann sé an tArdrúnaí, cinneann sé, más gá, coistí eile a bhunú go sealadach le haghaidh cúraimí sonracha, agus déanann sé cinntí maidir le tograí arb é is aidhm dóibh COTIF a mhodhnú.

(3) Bíonn an tAontas rannpháirteach sa Chomhthionól Ginearálta i gcomhréir le COTIF, Rialacha Nós Imeachta an Chomhthionóil Ghinearálta, agus an Comhaontú maidir le hAontachas leis an gCoinbhinsiún.

(4) Ag an 16ú seisiún dá chuid atá le bheith ar siúl ón 25 go dtí an 26 Meán Fómhair 2024, meastar go ndéanfaidh an Comhthionól Ginearálta roinnt cinntí. Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a bhunú, ós rud é go mbeidh tionchar ag na cinntí sin ar fheidhmiú OTIF agus ar fhorbairt straitéis na heagraíochta, nó go nglacfar gníomhartha mar thoradh orthu atá ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta agus a d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais, agus, dá bhrí sin, is 'gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis' iad chun críocha Airteagal 218(9) CFAE.

(5) Go háirithe, faoi mhír 5 ar an gclár oibre, meastar go ndéanfaidh an 16ú seisiún den Chomhthionól Ginearálta cinneadh maidir le hiarratas Dhaon-Phoblacht na Síne (dá ngairtear 'an tSín' anseo feasta) a bheith ina Comhalta Comhlach de OTIF. Go deimhin, i gcomhréir le hAirteagal 37, míreanna 2 go 5, de COTIF, rinne an Coimisiún agóid i gcoinne an iarratais sin thar ceann an Aontais, agus bhí an líon vótaí cothrom le líon vótaí a chomhaltaí ar Ballstáit OTIF iad freisin. Dá bhrí sin, mar a d'fhógair Ardrúnaí OTIF sa togra uaidh an 28 Lúnasa 2024, cuirfear iarratas na Síne faoi bhráid an 16ú Comhthionól Ginearálta le haghaidh cinnidh, i gcomhréir le hAirteagal 37, mír 4, de COTIF. An 19 Lúnasa 2024, mar fhreagairt ar agóid a chuir an Coimisiún isteach thar ceann an Aontais agus a Bhallstát atá ina mBallstáit OTIF freisin, thug roinn caidrimh sheachtraigh Riarachán Náisiúnta Iarnróid na Síne mínithe breise agus údar lena hiarraidh ar bhallraíocht chomhlachaithe OTIF. Bheadh gá le heilimintí breise faisnéise, áfach, chun seasamh an Aontais a fhoirmliú. Dá bhrí sin, ag an 16ú Comhthionól Ginearálta, ba cheart gurb é seasamh an Aontais an cinneadh maidir le hiarratas na Síne ar aontachas mar Chomhalta Comhlach de OTIF a chur siar go dtí seisiún ina dhiaidh sin de Chomhthionól Ginearálta OTIF, agus treoir a thabhairt d'Ardrúnaí OTIF comhairliúcháin a eagrú le páirtithe leasmhara maidir le hiarratas na Síne.

(6) Faoi mhír 7 ar an gclár oibre, d'fhéadfadh glacadh na straitéise fadtéarmaí le haghaidh OTIF tionchar a imirt ar bheartas agus ar obair shubstainteach OTIF, agus ar an gcinnteoireacht laistigh de OTIF. Pléadh agus comhaontaíodh an straitéis fhadtéarmach athbhreithnithe atá beartaithe mar a cuireadh faoi bhráid an Chomhthionóil Ghinearálta í ag seisiúin ábhartha an Choiste *ad hoc* um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta (dá ngairtear 'an Coiste *ad hoc*' anseo feasta), i gcomhréir le seasaimh an Aontais a bunaíodh maidir leis na hábhair sin. Dá bhrí sin, ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú le glacadh na straitéise fadtéarmaí athbhreithnithe sin.

([1]) Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnias an 3 Meitheamh 1999 (IO L 51, 23.2.2013, lch. 1).

(7) Faoi mhír 13 ar an gclár oibre, iarrfar ar an gComhthionól Ginearálta na 'Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm nósanna imeachta chun COTIF a mhodhnú' a fhormhuiniú, a mholadh go ndéanfar na treoirlínte sin a leanúint agus modhnuithe ar COTIF á n-ullmhú faoi inniúlacht an Chomhthionóil Ghinearálta, agus treoir a thabhairt don Choiste *ad hoc* faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dtreoirlínte agus athbhreithniú a dhéanamh orthu de réir mar is gá. Cé nach bhfuil na Treoirlínte sin ceangailteach iontu féin, tá siad in ann tionchar cinntitheach a imirt ar na nósanna imeachta chun COTIF a mhodhnú. Pléadh agus comhaontaíodh na Treoirlínte mar a cuireadh faoi bhráid an Chomhthionóil Ghinearálta iad ag seisiúin ábhartha an Choiste *ad hoc*, i gcomhréir le seasaimh an Aontais a bunaíodh maidir leis na hábhair sin. Dá bhrí sin, ba cheart gurb é seasamh an Aontais na Treoirlínte sin a fhormhuiniú.

(8) Faoi mhír 13 ar an gclár oibre, iarrfar ar an gComhthionól Ginearálta na bunphrionsabail rialála a fhormheas, mar a leagtar amach i dtuarascáil an Choiste *ad hoc* agus mar léiriú ar sheasamh an Aontais a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2023/2582 ón gComhairle ([2]), chun treoir a thabhairt don Choiste *ad hoc* agus don Choiste Athbhreithnithe maidir le modhnuithe a ullmhú chun COTIF agus nótaí comhfhreagracha sa Tuarascáil Mhíniúcháin ar COTIF a mhodhnú, agus é d'aidhm aige sin oibleagáid a thabhairt isteach ar na Ballstáit de OTIF sláine fhisiceach agus fheidhmiúil bhonneagar iarnróid na mBallstát de OTIF eile a urramú (gan dochar a dhéanamh di), chomh maith le forálacha substainteacha agus nós imeachta maidir le smachtbhannaí chun comhlíonadh na n-oibleagáidí faoi COTIF a áirithiú, ar oibleagáidí iad atá fíor-riachtanach chun aidhm OTIF a bhaint amach. Baineann na bunphrionsabail rialála sin le heagrú agus le feidhmiú na heagraíochta ar Páirtí Conarthach é an tAontas inti, agus d'fhéadfadh sé go n-eascródh as sin tograí chun COTIF a leasú; baineann an tsaincheist reatha seo le raon feidhme iomlán ghníomhaíochtaí OTIF, lena n-áirítear réimsí a bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas ina leith a mhéid a bhaineann le Ballstáit an Aontais. Beidh na tograí gaolmhara chun COTIF a mhodhnú ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta agus beidh siad in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais agus ar léirmhíniú agus cur i bhfeidhm COTIF. Pléadh agus comhaontaíodh na bunphrionsabail rialála mar a cuireadh faoi bhráid an Chomhthionóil Ghinearálta iad ag seisiúin ábhartha an Choiste *ad hoc*, i gcomhréir le seasaimh an Aontais a bunaíodh maidir leis na hábhair sin. Dá bhrí sin, ba cheart gurb é seasamh an Aontais na bunphrionsabail rialála sin a fhormheas.

(9) Faoi mhír 13 ar an gclár oibre, iarrfar ar an gComhthionól Ginearálta an 'Moladh maidir le sínithe leictreonacha a úsáid i gcumarsáid oifigiúil idir OTIF agus a chomhaltaí' a fhormhuiniú. Mar a shonraítear i seasamh an Aontais de bhun Chinneadh (AE) 2023/2582 ón gComhairle, chun cumarsáid leictreonach a fhorbairt, is gá nuashonruithe áirithe riaracháin a dhéanamh chun a áirithiú go n-úsáidfear sínithe leictreonacha go sábháilte agus go hiontaofa i gcumarsáid oifigiúil idir OTIF agus a chomhaltaí. Tá sé tábhachtach tacú le moladh a ullmhú i ndáil leis sin, moladh ina gcuirtear san áireamh na leibhéil éagsúla taithí atá ag comhaltaí OTIF agus atá i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos ar leibhéal an Aontais, go háirithe Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ([3]) Cé nach bhfuil an Moladh seo ceangailteach ann féin, beidh impleachtaí aige do na 'Treoirlínte maidir le gníomhartha conartha faoi COTIF' agus do na nótaí míniúcháin a ghabhann le 'Rialacha Nós Imeachta an Chomhthionóil Ghinearálta', don 'Rialachán maidir le toghadh agus coinníollacha seirbhíse an Ardrúnaí' agus don 'Cinneadh maidir le buanionadaithe', ar gá iad go léir a leasú dá réir. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an Moladh seo tionchar cinntitheach a imirt ar na nósanna imeachta chun COTIF a mhodhnú. Pléadh agus comhaontaíodh na tograí le haghaidh cinnidh mar a cuireadh faoi bhráid an Chomhthionóil Ghinearálta iad ag seisiúin ábhartha an Choiste *ad hoc*, i gcomhréir le seasaimh an Aontais a bunaíodh maidir leis na hábhair sin. Dá bhrí sin, ba cheart gurb é seasamh an Aontais an moladh a fhormhuiniú.

(10) Faoi mhír 13 ar an gclár oibre, iarrfar ar an gComhthionól Ginearálta an 'Cinneadh maidir le siombailí, ainm agus giorrúchán na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród' agus an 'Cinneadh maidir le cóipcheart agus rochtain oscailte' a ghlacadh, agus na 'Nótaí Míniúcháin' gaolmhara a fhormheas le haghaidh gach cinnidh. Mar a shonraítear i seasamh an Aontais de bhun Chinneadh (AE) 2023/2582 ón gComhairle, beartas a dheartar chun athúsáid faisnéise agus doiciméad ar le OTIF iad a éascú, ba cheart é a dhearadh i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus i gCinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún ([5]). Dá bhrí sin, d'fhéadfadh na gníomhartha atá beartaithe sa réimse sin tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais. Pléadh agus comhaontaíodh na tograí le haghaidh cinnidh mar a cuireadh faoi bhráid an Chomhthionóil Ghinearálta iad ag seisiúin ábhartha an Choiste *ad hoc*, i gcomhréir le seasaimh an Aontais a bunaíodh maidir leis na hábhair sin. Dá bhrí sin, ba cheart gurb é seasamh an Aontais na Cinntí sin a ghlacadh agus na Nótaí Míniúcháin gaolmhara a fhormheas.

([2]) Cinneadh (AE) 2023/2582 ón gComhairle an 8 Samhain 2023 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 5ú seisiún de Choiste *ad hoc* OTIF um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta (IO L, 2023/2582, 16.11.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2582/oj).

([3]) Rialachán (AE) Uimh 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

([4]) Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

([5]) Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le doiciméid an Choimisiúin a athúsáid (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39).

(11) Faoi mhíreanna 14 agus 15 ar an gclár oibre, baineann na cinntí atá beartaithe ag an gComhthionól Ginearálta le glacadh leaganacha athbhreithnithe, faoi seach, dá Rialacha Nós Imeachta agus den Rialachán maidir le toghadh agus coinníollacha seirbhíse an Ardrúnaí, agus maidir le formheas na Nótaí Míniúcháin a bhaineann leis na gníomhartha sin, agus iad uile oiriúnaithe i gcomhréir leis na treoirlínte nua maidir le teanga inscne-neodrach a úsáid. Ionchorpraítear freisin sna nótaí míniúcháin sin an togra ón gCoiste *ad hoc* a rinneadh sa 'Moladh maidir le sínithe leictreonacha a úsáid i gcumarsáid oifigiúil idir OTIF agus a chomhaltaí'. Is gníomhartha atá ceangailteach ó thaobh dlí iad Rialacha Nós Imeachta an Chomhthionóil Ghinearálta agus an Rialachán maidir le toghadh agus coinníollacha seirbhíse an Ardrúnaí faoi COTIF, agus d'fhéadfadh a nótaí míniúcháin tionchar cinntitheach a imirt ar léirmhíniú agus ar chur i bhfeidhm COTIF. Rinneadh na leaganacha athbhreithnithe de Rialacha Nós Imeachta an Chomhthionóil Ghinearálta agus den Rialachán maidir le toghadh agus coinníollacha seirbhíse an Ardrúnaí, agus na Nótaí Míniúcháin gaolmhara, a phlé agus a chomhaontú i seisiúin ábhartha an Choiste *ad hoc*, i gcomhréir le seasaimh an Aontais a bunaíodh maidir leis na hábhair sin. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú le glacadh na leasuithe sin.

(12) Tá na cinntí atá molta i gcomhréir le dlí agus cuspóirí straitéiseacha an Aontais, agus ba cheart don Aontas tacú leo dá réir.

(13) I gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh 2013/103/AE, cuirtear comhordú ar an láthair san áireamh agus cruinnithe OTIF á n-ullmhú. Féadfar mionathruithe ar an seasamh seo ón Aontas a aontú le linn an chomhordaithe ar an láthair gan gá le cinneadh breise ón gComhairle, go háirithe chun go mbeifear in ann freagairt ar thograí agus ar fhorbairtí nár cuireadh san áireamh tráth an Chinnidh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH

Airteagal 1

1. Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 16ú seisiún den Chomhthionól Ginearálta de chuid na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF), leagtar amach san Iarscríbhinn é.

2. Maidir le mionathruithe ar an seasamh a leagtar amach san Iarscríbhinn, féadfaidh ionadaithe den Aontas iad a chomhaontú ag an gComhthionól Ginearálta gan cinneadh eile ón gComhairle.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

FELDMAN Z.

IARSCRÍBHINN

1. **RÉAMHRÁ**

Beidh an 16ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Idir-Rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) ar siúl an 25 agus an 26 Meán Fómhair 2024. Tá doiciméid na gcruinnithe le fáil (le faisnéis aitheantais) ar shuíomh gréasáin OTIF ag an nasc seo a leanas: https://extranet.otif.org/en/?page_id=256

2. **AN SEASAMH ÓN AONTAS MAIDIR LE MÍREANNA ÁIRITHE AR AN GCLÁR OIBRE**

Mír 5 ar an gClár Oibre – Stádas an Choinbhinsiúin agus ballraíocht in OTIF

Doiciméid:	SG-24055-AG16/5
Feidhmiú ceart vótála:	An tAontas
Seasamh:	Maidir le hiarratas na Síne a bheith ina Comhalta Comhlach de OTIF: — Rinne an Coimisiún Eorpach agóid i gcoinne iarratas na Síne, thar ceann an Aontais, agus bhí an líon vótaí cothrom le líon vótaí a chomhaltaí ar Ballstáit OTIF iad freisin. — An 19 Lúnasa 2024, mar fhreagairt ar agóid a rinne an Coimisiún Eorpach thar cheann an Aontais agus a Bhallstát, ar Ballstáit OTIF iad freisin, thug roinn caidrimh sheachtraigh Riarachán Náisiúnta Iarnróid na Síne mínithe breise agus údar lena hiarraidh ar bhallraíocht chomhlachaithe OTIF. Mar sin féin, bheadh gá ag an Aontas le gnéithe breise faisnéise chun a sheasamh a cheapadh. Dá bhrí sin, don 16ú Comhthionól Ginearálta, is é an seasamh ón Aontas vóta maidir le hiarratas na Síne a bheith ina Comhalta Comhlach de OTIF a chur siar go dtí seisiún ina dhiaidh sin de Chomhthionól Ginearálta OTIF, agus treoir a thabhairt d'Ard-Rúnaí OTIF comhairliúcháin a eagrú le páirtithe leasmhara maidir le hiarratas na Síne.
Barúlacha:	I gcomhréir le hAirteagal 37, míreanna 2 go 5 COTIF, faoin sprioc-am an 26 Iúil 2024, rinne an Coimisiún Eorpach agóid, thar ceann an Aontais, i gcoinne iarratas na Síne a bheith ina Comhalta Comhlach de OTIF agus bhí an líon vótaí cothrom le líon vótaí a chomhaltaí ar Ballstáit OTIF iad freisin. An 28 Lúnasa 2024, chuir Ardrúnaí OTIF togra faoi bhráid an Chomhthionóil Ghinearálta maidir le hiarratas na Síne ar aontachas mar Chomhalta Comhlach le haghaidh cinnidh, de réir mhír 4 d'Airteagal 37 de COTIF.

Mír 7 ar an gClár Oibre - Straitéis fhadtéarmach OTIF

Doiciméid:	SG-24024-AG 16/7
Feidhmiú ceart vótála:	An tAontas
Seasamh:	A athdhearbhú go dtacaítear le tionscnamh an Ard-Rúnaí straitéis fhadtéarmach a fhorbairt le haghaidh OTIF, agus tacú le glacadh na straitéise fadtéarmaí mar a thíolaic an tArd-Rúnaí í in SG-24024-AG 16/7.
Barúlacha:	Leis an straitéis fhadtéarmach athbhreithnithe le haghaidh OTIF a cuireadh faoi bhráid an 16ú Comhthionól Ginearálta, tugtar aghaidh go leordhóthanach ar na barúlacha a thug an tAontas Eorpach ag an 6ú seisiún de Choiste *ad hoc* OTIF um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta (Vín, an 16-18 Aibreán 2024).

Mír 13 ar an gClár Oibre - Tuarascáil ón gCoiste *ad hoc* um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta

Doiciméid:	SG-24028-AG 16/13 - Dáileadh srianta
Feidhmiú ceart vótála:	Na Ballstáit
Seasamh:	Tacú le glacadh na dtograí seo a leanas le haghaidh cinnidh atá i gceangal le doiciméad SG-24029-AG16/13: — na 'Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm nósanna imeachta chun COTIF a mhodhnú' a fhormhuiniú, a mholadh go leanfar na treoirlínte sin agus modhnuithe ar COTIF á n-ullmhú faoi inniúlacht an Chomhthionóil Ghinearálta, agus treoir a thabhairt don Choiste *ad hoc* faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dtreoirlínte agus athbhreithniú a dhéanamh orthu de réir mar is gá; — na bunphrionsabail rialála a fhormheas mar a leagtar amach sa togra le haghaidh cinneadh sa tuarascáil ón gCoiste *ad hoc* agus mar léiriú ar an seasamh ón Aontas a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2023/2582 ón gComhairle, chun treoir a thabhairt don Choiste *ad hoc* agus don Choiste Athbhreithnithe maidir le modhnuithe a ullmhú chun COTIF agus nótaí comhfhreagracha sa Tuarascáil Mhíniúcháin ar COTIF a mhodhnú, agus é d'aidhm aige sin oibleagáid a thabhairt isteach ar na Ballstáit OTIF sláine fhisiceach agus fheidhmiúil bhonneagar iarnróid na mBallstát OTIF eile a urramú [gan dochar a dhéanamh di], chomh maith le forálacha substainteacha agus nós imeachta maidir le smachtbhannaí chun comhlíonadh na n-oibleagáidí faoi COTIF a áirithiú, ar oibleagáidí iad atá fíor-riachtanach chun aidhm OTIF a bhaint amach; — an 'Moladh maidir le sínithe leictreonacha a úsáid i gcumarsáid oifigiúil idir OTIF agus a chomhaltaí' a fhormhuiniú; — an 'Cinneadh maidir le siombailí, ainm agus giorrúchán na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród' a ghlacadh, agus na 'Nótaí Míniúcháin' gaolmhara a fhormheas; — an 'Cinneadh maidir le cóipcheart agus rochtain oscailte' a ghlacadh agus na 'Nótaí Míniúcháin' gaolmhara a fhormheas.
Barúlacha:	Na tograí thuasluaite a cuireadh faoi bhráid an 16ú Comhthionól Ginearálta lena gcinneadh, mar a leagtar amach sa tuarascáil ón gCoiste *ad hoc* agus atá i gceangal le SG-24029-AG16/13, rinneadh iad a phlé, a leasú agus a chomhaontú i seisiúin ábhartha den Choiste *ad hoc*, i gcomhréir leis na seasaimh ón Aontas a bunaíodh sna seisiúin sin.

Mír 14 ar an gClár Oibre – Rialacha Nós Imeachta an Chomhthionóil Ghinearálta agus na nótaí a ghabhann leo

Doiciméid:	SG-24029-AG 16/14
Feidhmiú ceart vótála:	Na Ballstáit
Seasamh:	Tacú le glacadh na dtograí le haghaidh cinnidh atá i gceangal le doiciméad SG-24029-AG16/14, is iad sin: — 'Rialacha Nós Imeachta an Chomhthionóil Ghinearálta' a leasú agus an leagan athbhreithnithe a ghlacadh dá réir sin; — na 'Nótaí Míniúcháin maidir le Rialacha Nós Imeachta an Chomhthionóil Ghinearálta (Airteagail 4 go 7, 10 agus 22)' a leasú agus an leagan athbhreithnithe a fhormheas dá réir.
Barúlacha:	Déantar na leaganacha athbhreithnithe de 'Rialacha Nós Imeachta an Chomhthionóil Ghinearálta' agus de 'Nótaí Míniúcháin maidir le Rialacha Nós Imeachta an Chomhthionóil Ghinearálta (Airteagail 4 go 7, 10 agus 22)' a oiriúnú i gcomhréir leis na 'Treoirlínte maidir le teanga inscne-neodrach a úsáid'. Ionchorpraítear freisin sna nótaí míniúcháin an togra ón gCoiste *ad hoc* a rinneadh sa 'Moladh maidir le sínithe leictreonacha a úsáid i gcumarsáid oifigiúil idir OTIF agus a chomhaltaí'. Áirítear sna tograí freisin roinnt ceartúchán ar ceartúcháin eagarthóireachta amháin iad. Rinneadh na tograí a cuireadh faoi bhráid an 16ú Comhthionól Ginearálta lena gcinneadh a phlé, a leasú agus a chomhaontú i seisiúin ábhartha den Choiste *ad hoc*, i gcomhréir leis na seasaimh ón Aontas a bunaíodh sna seisiúin sin.

Mír 15 ar an gClár Oibre – Athbhreithniú ar na rialacha maidir le toghadh agus coinníollacha seirbhíse an Ard-Rúnaí

Doiciméid:	SG-24032-AG 16/15
Feidhmiú ceart vótála:	Na Ballstáit
Seasamh:	Tacú le glacadh na dtograí le haghaidh cinnidh atá i gceangal le doiciméad SG-24029-AG16/15, is iad sin: — an 'Rialachán maidir le toghadh agus coinníollacha seirbhíse an Ard-Rúnaí' a leasú agus an leagan athbhreithnithe a ghlacadh dá réir sin; — na 'Nótaí Míniúcháin maidir leis an rialachán maidir le toghadh agus coinníollacha seirbhíse an Ard-Rúnaí' a leasú agus an leagan athbhreithnithe a fhormheas dá réir sin.
Barúlacha:	Déantar na leaganacha athbhreithnithe den 'Rialachán maidir le toghadh agus coinníollacha seirbhíse an Ard-Rúnaí' agus de na 'Nótaí Míniúcháin maidir leis an rialachán maidir le toghadh agus coinníollacha seirbhíse an Ard-Rúnaí' a oiriúnú i gcomhréir leis na 'Treoirlínte maidir le teanga inscne-neodrach a úsáid'. Ionchorpraítear freisin sna nótaí míniúcháin an togra ón gCoiste *ad hoc* a rinneadh sa 'Moladh maidir le sínithe leictreonacha a úsáid i gcumarsáid oifigiúil idir OTIF agus a chomhaltaí'. Áirítear sna tograí freisin roinnt ceartúchán ar ceartúcháin eagarthóireachta amháin iad. Rinneadh na tograí a cuireadh faoi bhráid an 16ú Comhthionól Ginearálta lena gcinneadh a phlé, a leasú agus a chomhaontú i seisiúin ábhartha den Choiste *ad hoc*, i gcomhréir leis na seasaimh ón Aontas a bunaíodh sna seisiúin sin.

Mír 20 ar an gClár Oibre – Cinntí, sainorduithe, moltaí agus doiciméid eile de chuid an Chomhthionóil Ghinearálta a ghlacadh (doiciméad críochnaitheach)

Doiciméid:	Dada
Feidhmiú ceart vótála:	Na Ballstáit
Seasamh:	Mar a shonraítear faoi na míreanna ábhartha ar an gclár oibre.